Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0359(COD)**

**14828/1/22**
**REV 1**

**CODEC 1757**
**CYBER 367**
**TELECOM 463**
**CSC 526**
**CSCI 174**
**DATAPROTECT 317**
**JAI 1475**
**MI 828**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 11 Márta 2021[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2021[3].

4. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 11 Aibreán 2022[4].

5. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

[1] 14150/20 + ADD 1 go ADD 6.
[2] IO L 183, 11.5.2021, lch. 3.
[3] IO L 286, 16.7.2021, lch. 170.
[4] IO L 233, 16.6.2022, lch. 22.

6. An 10 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 32/22 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

8. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

9. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

5 14617/22.